

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Fáilte go dtí Eagrán 5 de Nuachtlitir Chomhar Dún Chaocháin Teo.

Ins an eagrán seo táimid ag díriú ar n-aird ar bhainistíocht dramhaíola, ábhar a bhfuil tionchar aige ar chuile dhuine agus caithfidimid uilig dian-mhacnamh a dhéanamh ar na bealaí go bhféadfaí dul i ngleic leis an bhfadhb. Go bunúsach caithfidimid déileáil lenár gcuid brúscar go héifeachtach len ár linn féin sa gcaoi is nach mbeidh ar na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh íoc go géar as an nglanadh suas. Luíonn sé le ciall nach féidir a bheith ag brath ar laithreáin dramhaíola go fadthéarmach agus le díriú ar an bhfadhb caithfidimid an táirgíocht dramhaíola a laghdú agus an athshlánú a mhéadú – i bhfocail eile laghdú agus athchúrsáil. Ag obair le chéile is féidir linn difear mór a dhéanamh. Tá tuilleadh faoin ábhar seo ar leathanaigh 4 agus 5.

Welcome to the fifth edition of Comhar Dún Chaocháin Teo's newsletter.

In this edition we are focusing on the topic of waste management, an issue which effects everyone. We need to examine our attitudes to waste disposal and ask what we can do to improve the situation. Essentially we must deal with our refuse effectively in our time so that future generations are not lumbered with the economic and environmental cost of cleaning up after us. It is clear that we cannot sustain our overdependence on landfill disposal in the longterm and to address this we must reduce the amount of waste produced and increase the amount recovered – in otherwords reduce, reuse and recycle. Working together we can make a huge difference. This important matter is covered further on pages 4 and 5.

* Nuachtlitir Áitiúil

* A Community Newsletter

* Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal

* Provides a voice for the local community and an update on development issues

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teangmhála	2
Mná Ghleann na Muaidhe Teo	3
Bainistiú Dramhaíola	4-5
Imeachtaí Turasóireachta	6
An Baile Beo	7
Plean Forbartha Chill Chomáin	7
Scéalta Eile / Other News	8

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael)

**Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn /
The Management Committee**

Cathaoirleach : Uinsíonn Mac Graith
Rúnaí : Seán Mac Aindriú
Cisteoir : Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile : Micheál Ó Seighin
Uinsíonn Mac Graith
Micheál de Búrca
Caitlín Uí Sheighin
Micheál Ó Murchú

GUTH AN PHOBAIL – HAVE YOUR SAY

Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next edition.

Déan teangmháil le:-

Treasa Ní Ghearraigh,
Comhar Dún Chaocháin Teo,
An tSeanscoil,
Ceathrú Thaidhg,
Béal an Átha,
Co. Mhaigh Eo

Guthán: 097 88082

Riomhphoist: dunchaochain1@eircom.net

IONAD EOLAIS / INFORMATION OFFICE

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg, áit a bhfuil eolas agus foirmeacha iarratais ar fáil faoi scéimeanna éagsúla mar shampla feabhsú tithíochta, bóithre portaigh, scéim feabhsúcháin áitiúil an Chomhairle Chondae, deiseanna traenála &rl. Tá seirbhísí cóipéala, laminating agus facs le fáil ann chomh maith.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg, where information and application forms are available on various schemes including home improvement grants, repair of bog roads, training opportunities etc. Photocopying, laminating and fax services are also available here.

BAILL NUA / NEW MEMBERS

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teangmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information.

MNÁ SA bPOBAL

Mná Ghleann na Muaidhe Teo / The Glenamoy Womens Group Ltd.

Cuireadh Mná Ghleann na Muaidhe ar bun i 1997 agus í mar phríomhaidhm aige beartais a bhunú a chuireann le idirbheartaíocht sóisialta, oideachais, oiliúna, soláthar eolais ar chúrsaí sláinte na mban agus a gclanna ar mhaithe agus chun tairbhe na mban i gceantar Ghleann na Muaidhe. Cuirtear béim ar ghníomhaíochtaí a chothaíonn forbairt phearsanta agus féin-mhuinín. Bheartaigh an grúpa ar chomhlucht teoranta a bhunú le stádas dlíthiúil a thabhairt dó agus ar an 30ú Eanáir 2003 cuireadh Mná Ghleann na Muaidhe Teoranta ar bun.

Cuireann an grúpa béim ar sholáthar deiseanna oiliúna go háitiúil agus tá cúrsaí éagsúla déanta ag cuid de na baill, faoin scéim NOW (deiseanna nua do mhná) mar shampla staidéar gnó, scileanna ríomhaireachta, cuntaisí, scríbhneoireacht chruthaíoch, cumarsáid, gúnadóireacht agus ceirdeanna. Tugtar cuireadh d'aoichainteoirí cur i láthair a dhéanamh ar théamaí mar conas ailse a aithint agus b'féidir a sheachaint, bia folláin, dualgaisí tuismitheora &rl.

Thar na blianta agus le cuidiú airgeadú na Roinne Gnóthaí Shóisialaigh, Pobail agus Teaghlaigh tá go leor obair athnuachana curtha i gcrích ag an gcoiste ar an ionad pobail i nGleann na Muaidhe mar shampla córas nua teasa, fuinneoga agus doirse úra, ionsalú ailéir arl. I 2006 ceadaíodh €40,000 don ghrúpa faoi Chlár Deontais d'Eagraíochtaí Áitiúla Deonacha agus Pobail na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta chun díon nua a chur ar an ionad pobail, obair atá anois faoi lánseol. Tá ról lárnach ag an ionad i shaol an phobail agus baineann grúpaí áirithe cosúil le Cumann Gníomhaíochta Aosach Chill Chomáin leas as chun imeachtaí éagsúla a eagrú.

Set up in 1997, the Glenamoy Womens Group's main objective is to establish and support initiatives directed towards the provision of social interaction, education, training, information on women's health and that of their families for the benefit and welfare of the women of the Glenamoy area. Emphasis is placed on activities which nurture personal development and self confidence. The group decided to set up a limited company to give it a legal entity and Glenamoy Women's Group Ltd. was incorporated under the Companies Act on 30th January 2003.

The group emphasises the importance of the availability of training opportunities locally and some of its members, under the NOW (New Opportunities for Women) scheme, have completed various training courses including business studies, computer skills, accounts, creative writing, communications, dressmaking and crafts. Guest speakers are invited to make presentations on issues such as cancer awareness and possible prevention, healthy diet, parenting etc.

Over the years the committee has carried out many renovations to the community centre in Glenamoy including the installation of oil heating, new windows and doors, attic insulation etc. with the assistance of funding received from the Department of Social, Community and Family Affairs. In 2006 under The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs Programme of Grants for Locally-Based Community and Voluntary Organisations the group secured funding of €40,000 to replace the existing roof, work which is now nearing completion. The centre, which plays an important role in the community and provides a forum for organising various activities, is also used on an ongoing basis by other groups such as Kilcommon Activity for the Elderly.

The officers and members of Glenamoy Women's Group Ltd. are Claire Murphy (Cathaoirleach), Bridie Rafter (Rúnaí), Agnes Ruddy (Cisteoir), Betty Deane, Bernie Mc Andrew, Bernie Moran and Teresa Moran.



Ionad pobail Ghleann na Muaidhe (Griangraf – Uinsíonn Mac Graith)

BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA / WASTE MANAGEMENT

Is ábhar é bainistíocht dramhaíola a bhfuil tionchar aige ar chuile dhuine agus caithfidimid uilig dian-mhacnamh a dhéanamh ar na bealaí go bhféadfaí dul i ngleic leis an bhfadhb. Go bunúsach caithfidimid déileáil lenár gcuid brúscar go héifeachtach len ár linn féin sa gcaoi is nach mbeidh ar na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh íoc go géar as an nglanadh suas.

Faoin Acht Bainistíochta Dramhaíola 1996 tá dualgas ar na húdaráis áitiúla pleananna sonracha a chur le chéile chun dramhaíl neamh-chontúirteach a bhainistiú taobh istigh dár gceantracha feidhme. ‘Sé sprioc straitéiseach na bpleananna seo ná

- táirgíocht agus drochthionchar dramhaíola a sheachaint agus a laghdú
- athshlánú dramhaíola a gríosú
- a chinntiú go bhfaighfear réidh go sábháilte le dramhaíl nach féidir a sheachaint nó a athshlánú
- dul i ngleic le prionsabal ‘an truaillitheoir a íocann’ i leith bainistiú dramhaíola

Sa bhliain 2006 thóg an dá ionad cláraithe dramhaíola i gCondae Mhaigh Eo isteach 44,000 tonna bruscar – 26,000 tonna ag Doire an Iomaire ar bhóthar Chaisleán a’ Bharraigh-Baile Uí bhFiacháin agus 18,000 tonna ag Rath Ruaidhín ar bhóthar Chill Ala-Béal an Átha. Rinneadh athchúrsáil ar 2000 tonna ábhair ag Doire an Iomaire agus 1900 tonna ag Rath Ruaidhín sa thréimhse céanna. I gcomparáid le seo tá tíortha mar An Ostair agus An Isiltír ag athchúrsáil beagnach 60% dá ndramhaíl féin - is léir mar sin go bhfuil bealach fada le dul againn le ceapadh suas leo. Luíonn sé le ciall nach féidir a bheith ag brath ar laithreáin dramhaíola go fadthéarmach agus le díriú ar an bhfadhb caithfidimid an táirgíocht dramhaíola a laghdú agus an athshlánú a mhéadú – i bhfocail eile laghdú agus athchúrsáil.

Laghdú

D’fhéadfadh athruithe bunúsacha mar ghearradh siar ar phacáistiú tháirgí an-dhifir a dhéanamh. Sampla eile is ea an táille a ghearradh ar mhálaí siopadóireachta plaisteacha, straitéis a laghdaigh go mór ar an éileamh a bhí orthu.

Gníomhaíochtaí praiticiúla a chur i bhfeidhim san oifig mar shampla, áit gur féidir cóipeáil ar dhá

thaobh an leathanaigh agus gearradh siar ar úsáid pháipéir dá bharr.

Athchúrsáil

‘Sé an athchúrsáil ceann de na bealaí is fearr agus is praiticiúla le brúscar a bhainistiú agus le cleachtadh éirítear déanta ar an gcóras. Is féidir brúscair tí a scagadh ina rannóga éagsula mar ghloine, pháipéirí nuachta, channaí alúminium, plaisteacha &rl. agus iad a thabhairt go dtí na bancanna athchúrsála is gaire.

Múirín – Is féidir múirín a dhéanamh as beagnach aon triain de ghnáth-bhrúscair tí. D’fheilfeadh ábhar orgánach ar bith mar shampla craicne torthaí/glasraí, duilleoga nó málaí tae, sliogáin/cartáin uibhe, páipéar cistine, méideanna beaga nuachtáin gearrtha agus gearrthóga ón ngairdín dó agus is féidir é a úsáid ansin mar leasachán ghairdín. Tá boscaí múiríne le fáil ó Chomhairle Chondae Mhaigh Eo ar chostas €25.

Áiseanna Athchúrsála

Ó tháinig deireadh le seirbhís bhailiúcháin brúscair Comhairle Chondae Mhaigh Eo tá comhluchtaí eile tagtha ar an bhfód a chuireann bin ar fáil le haghaidh gnáthbhrúscair chomh maith le bin le haghaidh ábhair athchúrsála. Tá bancanna le haghaidh buidéal agus cannaí alúminium lonnaithe ag Ceathrú Thaidhg, Ros Dumhach agus Barr na Trá.

Cuireann na ionaide ag Doire an Iomaire (098 41632) agus Rath Ruaidhín (096 75959) áiseanna athchúrsála ar fáil le haghaidh réimse leathan ábhair, ina measc miotal, paipéar agus cairtchlár, teicstíleanna, gloine, ola mótaí, canaí alúminium, bataire, soithigh plaisteacha, adhmaid cruá, boinn, péint &rl. Tá na seirbhísí seo saor in aisce ach amháin go bhfuil táille beag ar rudaí móra mar innill níocháin, cuisneoirí, soirn, teilifíseanna agus ríomhairí. Tá bealach fada le taisteal chuig na ionaide seo áfach agus tá géarghá le ionad athchúrsála atá níos inaimsithe i gceantar Iorrais.

Tá dualgas ar thairgeoirí ábhar plaisteach feirme mar chlúdach sadhlais é a athbhailiú. Solratháíonn FRS Network an tseirbhís seo agus is féidir teangmháil a dhéanamh leis ag 071 9662781.

Tá tuilleadh eolais maidir le bainistíocht dramhaíola agus athchúrsáil le fáil ar na suíomhanna idirlíne thíosluaite nó déan teangmháil le Sharon Joyce, Oifigeach



Bancanna athchúrsála ag Barr na Trá (Griangraf –
Uinsíonn Mac Graith)

Waste management is an issue which effects everyone and we need to examine our attitudes to waste disposal and ask what we can do to improve the situation. Essentially we must deal with our refuse effectively in our time so that the future generations are not lumbered with the economic and environmental cost of cleaning up after us.

Under the Waste Management Act 1996 local authorities are required to make detailed plans for the management of non-hazardous wastes within their functional areas. The statutory objective of these plans is to

- *prevent and minimise the production of waste and its harmful effects*
- *encourage and support the recovery of waste*
- *ensure that such waste as cannot be prevented or recovered is safely disposed of*
- *address the need to give effect to the polluter pays principle in relation to waste disposal*

In 2006 a total of 44,000 tonnes of rubbish was deposited at Mayo's two licensed landfill sites - 26,000 tonnes at Derrinnumera on the Castlebar-Newport road and 18,000 at Rathroeen on the Killala-Ballina road. 2000 tonnes of material was recycled at the former site and 1900 tonnes at the latter site in the same period. In comparison countries such as Austria and the Netherlands are recycling almost 60% of their own waste which shows we have a lot of catching up to do. It is clear that we cannot sustain our overdependence on landfill disposal in the longterm and to address this

we must reduce the amount of waste produced and increase the amount recovered – in otherwords reduce, reuse and recycle.

Reduce

Reducing the amount of waste produced at source such as the use of less packaging could make a huge difference. The introduction of a levy on plastic shopping bags is another example of a very successful initiative which dramatically reduced the demand for them and brought about a return to the standard shopping bag or basket.

Implementing less wasteful practices for example in the office where an initiative such as photocopying on both sides of a sheet of paper could reduce paper output by half

Reuse and Recycle

Reusing and recycling often involves developing a better understanding of how to deal effectively with and take responsibility for the waste you produce. Segregate your household rubbish into glass, newspapers, aluminium cans, plastics etc. which can be brought to the nearest collection point.

Composting – Almost a third of all our household waste can be composted successfully. Organic or biodegradable waste such as fruit/vegetable peelings, tea leaves and bags, egg shells/cartons, kitchen towel, small quantities of shredded and soaked newspapers and garden clippings can be made into compost and used as a garden fertiliser. Compost bins are available from Mayo County Council at a cost of €25.

Recycling Facilities

With the cessation of Mayo County Council's refuse collection other service providers have emerged who in addition to providing the normal waste bin also provide a bin for recyclable materials. Bring banks are situated at Ceathrú Thaidhg, Ros Dumhach and Barr na Trá where glass bottles/jars and aluminium drink cans can be deposited.

The civic amenity centres at Derrinnumera (098 41632) and at Rathroeen (096 75959) provide recycling facilities for a wide variety of materials including metal, paper and cardboard, textiles, glass, waste motor oils, aluminium cans, batteries, plastic containers, solid wood, tyres, paints etc. These services are free of charge except for a small charge for larger items such as washing machines, fridges, freezers, cookers, televisions and computers. Unfortunately the distance to be

travelled acts as a disincentive and there is a great need for a civic amenity centre in Erris which is more accessible.

Manufacturers of farm plastics such as silage wrap are obliged to arrange for their collection and recovery. FRS Network operates such a system and can be contacted on 071 9662781

Further information on waste management and recycling is available from the following websites or contact Sharon Joyce, Environmental Awareness Officer, Mayo County Council at 094 9024444

www.enfo.ie

www.antaisce.org

www.environ.ie

www.10steps.ie

www.irelandrecycling.ie

www.repak.ie

www.raceagainstwaste.ie

IMEACHTAÍ TURASÓIREACHTA / TOURISM NEWS

Cúrsa Turasóireachta Tuaithe / Turas Staidéartha

D'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo i gcomhar leis an eagrais traenála agus chomhairleora Teagasc cúrsa turasóireachta tuaithe i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Dhá uair déag go leith teagaisc thar cheithre oíche a bhí i gceist agus clúdaíodh ábhair mar dheiseanna i dturasóireacht tuaithe, margaíocht, riachtanaisí bunúsacha i bhforbairt táirge, airgeadú, eagraisí turasóireachta, céard iad na rudaí a dhéanann iarratas rathúil &rl. Chuaigh rannpháirtithe an chúrsa ar thuras staidéartha go dtí Ionad Oidhreacht Hennigan i gCill Easa agus Ionad Oidhreacht an Quiet Man i gConga ar an 19ú Samhain a léirigh an chaoi a rinneadh forbairt ón mbonn aníos ar tháirgí rathúla tuaithe agus na deiseanna atá ann tairgí mar iad a fhorbairt i bparóiste Chill Chomáin.

Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with the training and advisory agency Teagasc, organised an Introduction to Rural Tourism course in October last. The course consisted of 12.5 hours tuition spread over four nights and covered topics such as opportunities in rural tourism, marketing, basic requirements for product development, financing a rural tourism venture, tourism agencies, what's required for a successful application etc. Participants took part in a study trip which included a visit to Hennigans Heritage Centre in Killasser and The Quiet Man Heritage Centre in Cong on 19th November which highlighted how successful

projects can be developed and illustrated the opportunities that are available to develop similar tourism initiatives in the parish of Cill Chomáin.

Straitéis Siúlóide / Fáilte Ireland Walking Strategy

Mar chuid de phlean forbartha Chill Chomáin agus le cabhair ó Chomhairle Chondae Mhaigh Eo agus Fáilte Ireland tá sé i gceist Lúb Phort a' Chlóidh (ó Thrá Phort a' Chlóidh go dtí Tóin Rinn na nÉan) a chlárú mar shiúlóid aitheanta. I mí na Nollag cheadaigh Comhairle Chondae Mhaigh Eo €4000 chun an tsiúlóid a fhorbairt agus a threormharcáil.

As part of the development plan for the parish of Cill Chomáin and with the assistance of Mayo County Council and Fáilte Ireland the walk known as Lúb Phort a' Chlóidh (from Thrá Phort a' Chlóidh to Tóin Rinn na nÉan) will be registered as a recognised walk. In December funding of €4000 was granted by Mayo County Council for the purposes of waymarking and enhancing the proposed route.

Lá Domhanda Chroí / World Heart Day

Ar an lú Deireadh Fómhair seo caite d'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo siúlóid ar Shlí na Sláinte Ceathrú Thaidhg mar chuid de Lá Domhanda Chroí. Ba é Foras Chroí na hÉireann i gcomhar leis an gComhairle Chondae agus an pobal áitiúil a rinne forbairt ar an togra seo a mholann an tsiúlóid chun dea-shláinte a chothú. Aclaíocht iontach atá sa tsiúlóid chun stríos a íslú, do mheáchan a bhainistiú agus galar chroí a sheachaint – ba é an galar céanna ba chúis le 36% de na básanna in Éirinn i 2005. Moltar 30 nóiméad d'aclaíocht fisiciúil in aghaidh an lae don gnáth dhuine fásta agus gan mhoill airíonn duine níos fearr agus níos aclaí dá bharr. Fágaimid an focal deiridh ag Tanya Comber-Rait, Co-ordnóir Náisiunta do Shlí na Sláinte a deireann “Even small amounts of physical activity make people feel better and walking is an activity suitable for all ages and abilities”.

Déanann clár eolais ag tús na siúlóide cuir síos ar an tslí, atá marcáilte le comharthaí geala, tarraingteacha atá suite 1 km óna chéile. Tá cuir síos ar an tslí le fáil chomh maith ar bhróisiúr ildaite dá-theangach. Bhain na daoine a bhí páirteach sa siúlóid an-sult agus taitneamh as agus tá súil againn ocáid cosúil leis a eagrú arís i 2007.

A walk was organised by Comhar Dún Chaocháin Teo along the Slí na Sláinte Ceathrú Thaidhg route on October 1st as part of World Heart Day. Developed by the Irish Heart Foundation in conjunction with Mayo County Council and the local community, Slí na Sláinte aims to promote walking as a means to improving health. Walking is a great exercise for reducing stress, maintaining a reasonable body weight and avoiding cardiovascular disease, which was the cause of 36% of deaths in Ireland in 2005. But remember you don't have to be super-fit or invest in expensive gear, simply do what comes naturally to you and Walk! 30 minutes of daily physical activity is recommended for the average adult and once you make a start you will soon notice the benefits. Tanya Comber-Rait, National Coordinator for Slí na Sláinte states "Even small amounts of physical activity make people feel better and walking is an activity suitable for all ages and abilities".

An information board at the start of the walk outlines the route which is marked by bright, colourful signposts situated at 1 km intervals. The walk is also described in an attractive bi-lingual colour brochure. Those who participated on the walk thoroughly enjoyed the occasion and we hope to organise a similar event in 2007.



Ag baint ceann scribe amach ó chlé: Séamus Ó Murchú, Eibhlín Uí Mhurchú, Caitlín Ní Chonghóile, Áine Bashford lena clann Calum, Seoirsín agus Alanna, Treasa Ní Ghearraigh, Terence Ó Conbhuí, Máire Horan agus Micheál Ó Murchú. (Griangraf – Uinsíonn Mac Graith)

AN BAILE BEO – GNÍOMH DON GHAELTACHT



I láthair ag ócáid bhronnta dhuaiseanna comórtas An Baile Beo agus Gníomh don Gaeltacht sa Spidéal i nGaillimh i mí na Nollag, áit ar bronnadh dá dhuais ar Chomhar Dún Chaocháin Teo, bhí (ar chúl ó chlé) Pádraig Ó hAoláin (Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta), Liam Ó Cuinneagáin (Cathaoirleach Bhord Údarás na Gaeltachta), Tadhg Ó Conghaile (Bainisteoir Forbartha Pobail UnaG), agus chun tosaigh Treasa Ní Ghearraigh (Bainisteoir Comhar Dún Chaocháin Teo), Uinsíonn Mac Graith (Comhar Dún Chaocháin Teo) agus Tadhg Ó Cuinn (ball tofa UnaG).

PLEAN FORBARTHA CHILL CHOMÁIN / KILCOMMON DEVELOPMENT PLAN

Rinne Seán Ó hÉalaí, iar-chraoltóir le Raidio na Gaeltachta, seoladh oifigiúil ar phlean forbartha Chill Chomáin sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg ar an 3ú Feabhra seo caite. Leagann an plean, atá ullmhaithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo i gcomhar leis an bpobal áitiúil, amach straitéis forbartha don pharóiste thar tréimhse cúig bliana. 57 gníomh ar fad atá ann a thiteann faoi cúig mór-rannóg forbartha mar atá (i) Pobal, Fiontar agus Fostaíocht (ii) Oideachas agus Oiliúint (iii) Timpeallacht agus Bonneagar (iv) Teanga, Cultúr agus Turasóireacht agus (v) Seirbhísí agus Áiseanna. Taispeánadh dlúthdhiosca den teidil Scéal Eile a dhéanann comóradh ar ghnéithe áirithe de shaol Seán Ó Dochartaigh, nó Stanton mar ab fhearr aithne air, chomh maith. Tá an plean le fáil ó oifig Chomhar Dún Chaocháin Teo sa Seanscoil ar chostas €5.

The Kilcommon Development Plan was officially launched by the popular Raidio na Gaeltachta presenter Seán Ó hÉalaí in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg on 3rd February last. The plan, which was prepared and published by Comhar Dún

Chaocháin Teo in consultation with the local community, includes a demographic and socio-economic profile, a resource audit and an analysis of the parish's strengths, weaknesses, opportunities and threats. It then outlines a strategy for the development of the parish over a five year period comprising 57 actions which fall into the following categories (i) Community, Enterprise and Employment (ii) Education and Training (iii) Environment and Infrastructure (iv) Language, Culture and Tourism and (v) Services and Facilities. A dvd entitled Scéal Eile, commemorating aspects of the life the late Seán Ó Dochartaigh, better known as Stanton, was also presented. The plan is available from the office of Comhar Dún Chaocháin Teo in the Seanscoil at a cost of €5.



Ag an seoladh bhí ó chlé: Uinsíonn Mac Graith, Treasa Ní Ghearraigh, Liamy Mc Nally, Tadhg Ó Cuinn (ball tofa Údarás na Gaeltachta), Séamus Ó Murchú, Seán Ó hÉalaí, Máire Cáit Uí Mhurchú, Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú agus Seán Mac Aindriú. (Griangraf – Claire Dendy)

SCÉALTA EILE / OTHER NEWS

Our Story The Rosspport 5

Seoladh go deiridh 'Our Story The Rosspport 5'. Sa leabhar nua-foilsithe seo déanann Micheál Ó Seighin, Willie Ó Corrdhuibh, Brendán Ó Cuilibín, Vincent Mac Graith agus a dheartháir Philip (nó Cúigear Ros Dumhach mar is fearr aithne orthu) agus a mná chéile cur síos ar a bhfeachtas in aghaidh fórsaí an thionscail gáis agus an stáit agus ar an 94 lá a chaith na fir i bpríosúin Chnoc na Seimre dá bharr.

For the first time the Rosspport Five talk directly about their experiences in confronting the might of Shell Oil. They describe their first encounters with

Enterprise Oil and Shell beginning in 2000. There are vivid descriptions of the sense of siege felt in the small village of Rosspport as the enormous Corrib gas project was being prepared and developed. The men and their wives describe their frantic efforts to prevent Shell entering their lands. In frequently moving language, they detail their isolation and fear as Shell applied concerted pressure on them to consent to their project. This culminated in Shell's decision to seek to commit the men to prison indefinitely. This book provides vivid first-time accounts of their prison experiences and of how these ordinary citizens endured the efforts by the State and the multinational to force them to abandon their opposition. The men outline the wave of support which reached them even in prison and made them more steadfast in their determination to defend the health and safety of their families and communities. Finally, they describe how these experiences have affected them personally. This dramatic account offers a series of telling insights into contemporary Ireland.

Foilsithe ag Small World Media (bog, 208 leathanach) Tuilleadh eolais ó 086 0866264

An Scéim Shóisialta Tuaithe

Ceadaíodh na deontais caipitil seo a leanas faoin scéim shóisialta tuaithe:-

Comhar Dún Chaocháin Teo (€1395 le haghaidh gléas cóipeála, €530 i gcóir strimmer agus €550 i gcóir lomaire faiche), Cumann Lúthchleas Gael C.C. (€588 le haghaidh inneall níochána & triomadóir, €530 i gcóir strimmer agus €567 i gcóir úirlisí oibre), Coiste na gCéibheanna (€1550 i gcóir pressure washer), Ionad an Inbhir (€1834 le haghaidh trealaimh ríomhaireachta), Oifig an Pharóiste (€1475 le haghaidh ríomhaire) agus Ionad Greanáí (€1039 le haghaidh ríomhaire ghlúine).

Scoláireachtaí Printíseachta

Tá Údarás na Gaeltachta ag tairiscint Scoláireachtaí Printíseacha gur fiú níos mó ná €2000 an ceann iad d'iarrthóirí le cáilíocht mar cheardaí a bhaint amach. Má tá spéis agat a bheith san iomaíocht do na scoláireachtaí seo, ba chóir duit teangmháil a dhéanamh le Údarás na Gaeltachta, Béal an Mhuirthead ag 097 81418 roimh 16ú Feabhra 2007.